Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# AN TEASTAS SÓISEARACH 2011

# SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE

# BONNLEIBHÉAL

# TREORACHA GINEARÁLTA

1) Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2) Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3) Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4) Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5) Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanach **5** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta faofa dóibh.

| **CLUASTUISCINT** | **(40marc)** |
|---|---|
| **N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin. | |

**Treoracha**

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra**.**

2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach pictiúr nó litir amháin a roghnú i ngach cás.

3. Glac le tic in aice nó ciorcal timpeall na litreach sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

## ROINN I – CLUASTUISCINT: 40 MARC

Tá 6 cheist san áireamh anseo.
Tá dhá fhocheist, (a) agus (b), le freagairt i gcás na gceisteanna (i), (iii), (iv), (v) agus (vi):
(4 + 3) x 5 = **35 mharc.**

I gcás ceiste (ii) tá phointe amháin eolais á lorg: 5 mharc. **(35 mharc + 5 mharc = 40 marc)**

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT: 120 MARC

**Ceist 1. (30 marc)** **5 mharc x 6 = 30 marc.**

---

**Ceist 2. (40 marc)**

Tá 6 cheist san áireamh anseo.
Ceisteanna (i) – (v): = (7 marc x 5 = 35 mharc)**.**
I gcás ceiste (vi) tá dhá phointe eolais á lorg: (3 + 2 = 5 mharc) **(35 mharc + 5 mharc = 40 marc)**

---

**Ceist 3. (a) agus (b): 50 marc**

**(a)** 15 + 5 + 5 **= 25 mharc**
**(b)** 15 + 5 + 5 **= 25 mharc**
25 + 25 **= 50 marc**

---

## ROINN III – CEAPADÓIREACHT: 80 MARC

**Ceist 4. (25 mharc)**

**An Tasc – Cárta Poist a scríobh.**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Leagan Amach :** **(8 marc)**

- Beannú **= 2 mharc**
- Síniú **= 2 mharc**
- Ainm an tseolaí **= 2 mharc**
- Seoladh **= 2 mharc**

**ii) Tagairtí:** 4 thagairt do théacs an phictiúir (2mharc x 4) **= 8 marc**
**iii) Cumas Cumarsáide** **= 4 mharc**
**iv) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do Cheist 4** **= 25 mharc**

**Ceist 5. (25 mharc)**

**An Tasc – Teachtaireacht Ríomhphoist a Scríobh.**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Madra ar Strae:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil tagairt do **mhadra** ann bronntar an **7 marc**
- Muna bhfuil sé soiléir bronn dais/fleiscín/stríoc.

**ii) An t-Eolas Cuí:** (3 thagairt ag teastáil 3 mharc x 3) **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** **= 4 mharc**

**iv) Cruinneas Gaeilge:** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do Cheist 5** **= 25 mharc**

**Ceist 6. (a) *nó* (b): 30 marc**

(a) **An Tasc – Alt a Scríobh.**

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4) **= 20 marc**

**ii) Cumas Cumarsáide** **= 5 mharc**

**iii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do Cheist 6 (a)** **= 30 marc**

***NÓ***

(b) **An Tasc - An Fhoirm Iarratais a chomhlánú.**

Tá **dhá chuid** sa mharcáil anseo:

**i) An t-Eolas Cuí** (7x2 mharc + 11 x 1 mharc) **= 25 mharc**

**ii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do Cheist 6 (b)** **= 30 marc**

**Oiriúntais Réasúnta**

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltéiní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

2) Iarrthóirí a d'úsáid:
    - scríobhaí
    - téipthaifeadán
    - próiseálaí focal nó ríomhaire.

   Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le litriú agus cruinneas gramadaí sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6. Ní chuirtear aon phionós ar 'drochlitriú' ná 'ar easpa cruinneas gramadaí' i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhtuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil oiriúntais réasúnta faofa dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a mharcáil sa ghnáthshlí d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas Gaeilge sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó:

**Ceist 4**

Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **1>2** – cruinneas + **0** mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **3>4** – cruinneas + **1** mharc.

**Ceist 5**

Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **1>2** – cruinneas + **0** mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **3>4** – cruinneas + **1** mharc.

**Ceist 6**

Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **1>2** – cruinneas + **0** mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna **3>4** – cruinneas + **1** mharc.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an bfreagarleabhar, taobh istigh agus ar an gclúdach, taobh amuigh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011

## GAEILGE – BONNLEIBHÉAL

## TRIAIL CHLUASTUISCEANA

### Téacs

**Ceist 1**

Is mise Niamh. Tá mé cúig bliana déag d'aois. Bíonn mé ag obair i siopa nuachtán. Tá beirt deartháireacha agus triúr deirfiúracha agam. Téann mé ar scoil i gCorcaigh. Is maith liom Gaeilge, Béarla agus Stair. Ní maith liom Matamaitic. Ní maith liom spórt ach seinneann mé an pianó agus an giotár mar chaitheamh aimsire.

**Ceist 2**

Bean: Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil an sorcas?

Garda: Féach! Téigh suas an tsráid seo chomh fada leis an gcrosbhóthar. Cas ar dheis ansin. Lean ar aghaidh síos an tsráid go dtí na soilse tráchta. Feicfidh tú an phictiúrlann ar thaobh na láimhe clé.

**Ceist 3**

Agus anois an aimsir. Beidh an ghrian ag taitneamh tráthnóna, sa chuid is mó den tír. Tiocfaidh scamaill ón iarthar i rith na hoíche. Beidh sé ag cur báistí i ngach áit amárach. Beidh an teocht is airde idir ocht gcéim déag agus fiche a dó céim Celsius.

**Ceist 4**

Bhí cluiche peile ar siúl, i bPáirc Uí Mhóráin Dé hAoine seo caite. Bhí Scoil Phádraig ag imirt i gcoinne Scoil Eoin. Thosaigh an cluiche ar a dó a chlog. Ag leath am bhí Scoil Eoin dhá chúilín chun tosaigh. Chuir Scoil Phádraig tús maith leis an dara leath. Fuair Séan de Paor, captaen na foirne, cúl iontach. Bhuaigh Scoil Phádraig an cluiche.

**Ceist 5**

Bríd: Haigh, a Niall.

Niall: Haigh, a Bhríd, ar chuala tú an scéal?

Bríd: Cén scéal?

Niall: Tá Deirdre ag fágáil na scoile.

Bríd: Ní chreidim é!

Niall: Bhí mé ag caint lena deartháir, Pól, ar maidin agus d'inis sé an scéal ar fad domsa.

Bríd: Agus cá bhfuil sí ag dul?

Niall: Go dtí an Astráil?

Bríd: Cén fáth?

Niall: Chaill a hathair a phost.

Bríd: Is uafásach an scéal é sin. Is cara maith í Deirdre.

Niall: Tá brón uirthi bheith ag imeacht óna cairde go léir ach tá sí ag tnúth leis an saol nua freisin.

Bríd: Bhuel, beidh an aimsir níos fearr san Astráil ná mar atá sí anseo.

Niall: Beidh cinnte. Cuirfidh mé glaoch uirthi anois díreach. Feicfidh mé tú níos déanaí, a Bhríd. Slán.

Bríd: Slán leat, a Niall. Abair heló le Deirdre domsa.

## Ceist 6

| | |
|---|---|
| Niamh: | Haigh, a Dhaid. |
| Daid: | Haigh, a Niamh. Aon scéal agat? |
| Niamh: | Tá. Beidh dioscó i Halla an Pharóiste oíche Dé hAoine. |
| Daid: | Sea! |
| Niamh: | An bhfuil cead agam dul go dtí an dioscó? |
| Daid: | Dioscó? |
| Niamh: | Sea, a dhaid. |
| Daid: | Cé a bheidh i gceannas ar an dioscó? |
| Niamh: | Na múinteoirí. |
| Daid: | Tá tusa an-óg, a Niamh! |
| Niamh: | Ach, a Dhaid, tá mo chairde go léir ag dul. |
| Daid; | An bhfuil Cáit ag dul? |
| Niamh: | Tá, fuair sí cead dul. An bhfuil cead agamsa dul? |
| Daid: | Cén t-am a bheidh an dioscó thart? |
| Niamh: | Beidh sé thart ar a dó dhéag a chlog. |
| Daid: | Oh! Ceart go leor, ach beidh mise ag fanacht leat lasmuigh den halla ag an am sin. |
| Niamh: | Oh! a Dhaid, Tá tú iontach! Go raibh maith agat. |
| Daid: | Bí go maith. |

SCRÚDUIMHIR ☞

| | |
|---|---|
| Móriomlán na Marcanna | 240 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011
## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

**(240 marc)**

**DÉARDAOIN, 9 MEITHEAMH – MAIDIN 11.45 go dtí 1.45**

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | **200** |

**Nóta**: ☞
Ní mór don mharc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis.

ROINN I CLUASTUISCINT

| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **MARC** | **7** | **5** | **7** | **7** | **7** | **7** | **40** |

☞

DON SCRÚDAITHEOIR


| | CEIST | MARC |
|---|---|---|
| ROINN II | 1 | **30** |
| | 2 | **40** |
| | 3 | **50** |
| ROINN III | 4 | **25** |
| | 5 | **25** |
| | 6 | **30** |
| | IOMLÁN ☞ | **200** |
| | CLUASTUISCINT ☞ | **40** |
| | **MÓRIOMLÁN** ☞ | **240** |
| | GRÁD ☞ | **A** |


40

| ROINN I | CLUASTUISCINT | (40 marc) |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Chluastuiscint ar an dlúthdhiosca.
Cuir tic **(✓)** leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cá mbíonn Niamh ag obair?





| | | | |
|---|---|---|---|
| | √ | | |


**4 mharc**


**Ceist 1 (b)** An maith léi Matamaitic?


| | |
|---|---|
| Is maith léi | |
| Is fuath léi | |
| **Ní maith léi** | √ |

**3 mharc**

**Ceist 2** Cá bhfuil an bhean ag dul?









| | | | |
|---|---|---|---|
| | | √ | |

**5 mharc**

**Ceist 3 (a)** Cén sórt aimsire a bheidh ann tráthnóna?







| | | |
|---|---|---|
| √ | | |

**4 mharc**

**Ceist 3 (b)** Cén sórt aimsire a bheidh ann amárach?


| | |
|---|---|
| **Ag cur báistí** | √ |
| Gaofar | |
| An ghrian ag taitneamh | |

**3 mharc**

**Ceist 4 (a)** Cad a bhí ar siúl?







| | | |
|---|---|---|
| √ | | |

**4 mharc**

**Ceist 4 (b)** Cé a fuair an cúl iontach?

| | |
|---|---|
| Breandán Ó Néill | |
| **Seán de Paor** | √ |
| Micheál Ó Murchú | |

**3 mharc**

**Ceist 5 (a)** Cé atá ag fágáil na scoile?

| | |
|---|---|
| **Deirdre** | √ |
| Pól | |
| Niall | |

**4 mharc**

**Ceist 5 (b)** Cad a chaill a hathair?

| | |
|---|---|
| A chara | |
| **A phost** | √ |
| A dheartháir | |

**3 mharc**

**Ceist 6 (a)** Cá mbeidh an dioscó?

| | |
|---|---|
| Sa scoil | |
| **I halla an pharóiste** | √ |
| Sa siopa | |

**4 mharc**

**Ceist 6 (b)** Cén t-am a bheidh an dioscó thart?

| | |
|---|---|
| A haon a chlog | |
| A naoi a chlog | |
| **A dó dhéag a chlog** | √ |

**3 mharc**

**CLUASTUISCINT**
**IOMLÁN = 40 MARC**

30

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | (120 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**


**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(30 marc)**

(a) Tá an bhean ag cur uisce ar na bláthanna.
(b) Chuaigh Emer agus Seán ag iascaireacht.
(c) Níl cead fón póca a úsáid.
(d) Tá rás rothaíochta ar siúl.
(e) Tá cluiche leadóige ar siúl.
(f) Cheannaigh an fear glasraí.





**5 mharc**

**Níl cead fón póca a úsáid.**



**5 mharc**

**Tá cluiche leadóige ar siúl.**



**5 mharc**

**Chuaigh Emer agus Seán ag iascaireacht**



**5 mharc**

**Tá an bhean ag cur uisce ar na bláthanna.**




**5 mharc**

**Cheannaigh an fear glasraí.**



**5 mharc**

**Tá rás rothaíochta ar siúl.**

| Don scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha | 30 |
|---|---|

40

**CEIST 2**. Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

**Scoil Eoin**
**Port Laoise**
**Dé hAoine, 17 Meitheamh 2011**

**Turas Lae go Corcaigh**

| | |
|---|---|
| 8.00 a.m. | Teacht le chéile sa scoil. |
| 8.20 a.m. | Bus go dtí an stáisiún traenach. |
| 8.40 a.m. | Traein go Corcaigh. |
| 10.30 a.m. | Bus go hOileán Fóta. |
| 11.00 a.m. | Siúlóid timpeall Pháirc na nAinmhithe. |
| 1.00 p.m. | Lón i mbialann Fóta. |
| 2.30 p.m. | Siopadóireacht sa chathair. |
| 4.00 p.m. | Scannán i bPictiúrlann Savoy. |
| 6.00 p.m. | Sceallóga agus burgair in McDonalds. |
| 6.50 p.m. | Traein abhaile go Port Laoise. |

Ticéid – €20 – ar fáil ó oifig na scoile – roimh 11 Meitheamh.

**Ceisteanna**:

**1.** Cá bhfuil Scoil Eoin?

| | |
|---|---|
| I gCorcaigh | |
| **I bPort Laoise** | √ |
| Ar Oileán Fóta | |

**7 marc**

**2.** Conas a rachaidh siad go Corcaigh?

| | |
|---|---|
| Ar an mbus | |
| Ag siúl | |
| **Ar an traein** | √ |

**7 marc**

**3.** Cá mbeidh an lón acu?

| | |
|---|---|
| **I mBialann Fóta** | √ |
| Sa chathair | |
| In McDonalds | |

**7 marc**

**4.** Cén t-am a rachaidh siad ag siopadóireacht?

| | |
|---|---|
| 10.30 a.m. | |
| 11.00 a.m. | |
| **2.30 p.m.** | √ |

**7 marc**

**5.** Cé mhéad atá ar thicéad?

| | |
|---|---|
| €15.00 | |
| **€20.00** | √ |
| €11.00 | |

**7 marc**

**6.** Luaigh dhá rud a dhéanfaidh siad roimh lón. 3 + 2 = 5 mharc
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas.

- **Teacht le chéile sa scoil**
- **Bus go dtí an stáisiún traenach**
- **Traein go Corcaigh**
- **Bus go hOileán Fóta**
- **Siúlóid timpeall Pháirc na nAinmhithe.**

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **30 + 40** | = | **70** |
|---|---|---|---|

50

**CEIST 3**. Freagair (a) *agus* (b). **(50 marc)**

Léigh an **dá** alt nuachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leo.

## (a) Staid Aviva **(25 mharc)**

Osclaíodh staid nua, Staid Aviva, ar Bhóthar Lansdúin, Baile Átha Cliath ar an 14 Bealtaine 2010. Chosain an staid 410 milliún euro chun é a thógáil. Tá 51,700 suíochán i Staid Aviva.

Bhí an chéad chluiche idirnáisiúnta sacair ann ar an 11 Lúnasa 2010. An Airgintín agus Éire a bhí ag imirt an lá sin. Bhí an t-ádh leis an Airgintín nuair a bhuaigh siad an cluiche leis an scór 1 – 0. Beidh cluichí idirnáisiúnta sacair agus cluichí idirnáisiúnta rugbaí á n-imirt ann as seo amach.

Bíonn ceolchoirmeacha ann anois agus arís. Bhí Michael Bublé ag canadh ann i mí Mheán Fómhair seo caite agus bhí slua mór daoine ann ag éisteacht leis. Bhain gach duine sárthaitneamh as an gceolchoirm. Tá gach duine ag tnúth go mór leis na cluichí rugbaí agus sacair a bheidh ar siúl i Staid Aviva amach anseo.




**STAID AVIVA**

**1.** Cén t-ainm atá ar an staid nua ar Bhóthar Lansdúin?
- **Staid Aviva.**
- **Osclaíodh staid nua, Staid Aviva, ar Bhóthar Lansdúin.**

**15 mharc**

**2.** Cé a bhuaigh an chéad chluiche idirnáisiúnta sacair ann?

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | |
| Éire | |
| **An Airgintín** | √ |

**5 mharc**

**3.** Cé mhéad suíochán atá sa staid?

| | |
|---|---|
| 410 | |
| **51,700** | √ |
| 2010 | |

**5 mharc**

| Don scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha → | 70 + 50 | = | 120 |
|---|---|---|---|

## (b) The Script **(25 mharc)**

Triúr atá sa ghrúpa rac-cheoil *The Script*: Danny, Mark agus Glen. Is as Baile Átha Cliath dóibh. Thosaigh Danny, Mark agus beirt eile ag seinm le chéile sa ghrúpa *My Town* i 1996. Tháinig Danny agus Mark abhaile as Meiriceá. Thosaigh Glen ag seinm leo agus thug siad *The Script* mar ainm ar an ngrúpa in 2001.

I mí Aibreáin 2008 chuir siad amach a gcéad singil, *We Cry*. D'éirigh go han-mhaith leis. I mí Lúnasa 2008 sheol siad a gcéad albam leis an teideal *The Script*. Dhíol siad breis agus 600,000 cóip den albam sin.

Bhí siad ag seinm le U2 i bPáirc an Chrócaigh i mí Iúil 2009. Tá siad ina gcónaí i Londain anois. Bhí ceolchoirmeacha acu san O2 i mBaile Átha Cliath i mí Márta seo caite. Beidh siad ag seinm i Staid Aviva i mí Iúil i mbliana. Tá éileamh an-mhór ar na ticéid don cheolchoirm seo.



**THE SCRIPT**

**1.** Cé mhéad duine atá sa ghrúpa, *The Script*?

- **Triúr atá sa ghrúpa rac-cheoil *The Script*: Danny, Mark agus Glen**
- **Triúr / 3.**

**15 mharc**

**2.** Ainmnigh an chéad albam a sheol siad.

| | |
|---|---|
| We Cry | |
| **The Script** | √ |
| My Town | |

**5 mharc**

**3.** Cá mbeidh The Script ag seinm?

| | |
|---|---|
| Páirc an Chrócaigh | |
| O2 | |
| **Staid Aviva** | √ |

**5 mharc**

25

| ROINN III | CEAPADÓIREACHT | (80 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 4.** **(25 mharc)**

**An Tasc – Cárta Poist a scríobh.**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

| | | |
|---|---|---|
| **i)** | **Leagan amach:** | **(8 marc)** |
| | • Beannú | 2 mharc |
| | • Síniú | 2 mharc |
| | • Ainm an tseolaí | 2 mharc |
| | • Seoladh | 2 mharc |
| **ii)** | **Tagairtí** (ceithre thagairt ag teastáil: 2 mharc x 4 = 8 marc) | **8 marc** |
| **iii)** | **Cumas Cumarsáide** | **4 mharc** |
| **iv)** | **Cruinneas Gaeilge** | **5 mharc** |
| | **An t-iomlán do cheist 4** | **25 mharc** |

Féach ar an bpictiúr thíos.

## Laethanta Saoire ag Campáil




Is tusa duine de na déagóirí sa phictiúr thuas agus tá tú ar laethanta saoire le do mhuintir san áit seo. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

| Don scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha → | 120 + 25 | = | 145 |
|---|---|---|---|

25

**CEIST 5.** **(25 mharc)**

**An Tasc – Cárta Poist a scríobh**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

| | | |
|---|---|---|
| **i)** | **Tagairt do mhadra ar strae:** | **7 marc** |
| | • Má tá sé soiléir go bhfuil tagairt do mhadra bronntar an 7 marc<br>• Muna bhfuil sé soiléir bronntar dais/fleiscín/stríoc. | |
| **ii)** | **Tagairtí** (trí thagairt ag teastáil: 3 mharc x 3 = 9 marc) | **9 marc** |
| **iii)** | **Cumas Cumarsáide** | **4 mharc** |
| **iv)** | **Cruinneas Gaeilge** | **5 mharc** |
| | **An t-iomlán do cheist 5** | **25 mharc** |

Léigh an **fógra** seo.

## Madra ar Strae

**Ainm:** Ceolán
**Dath:** bán
**Aois:** dhá bhliain
**Bia:** feoil
**Deoch:** bainne
**Ar strae:** am tae Dé hAoine
**Seoladh Ríomhphoist:** aine@baile.ie
**Teileafón:** 020 334455



Scríobh **teachtaireacht ríomhphoist** chuig do chara faoi do mhadra atá ar strae.

| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | **145 + 25** | = | **170** |
|---|---|---|---|

30

**CEIST 6.** Freagair (a) *nó* (b). **(30 marc)**


**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tusa ag **Cluiche Rugbaí**.
Tá tú chun alt gearr a scríobh in 'Iris na Scoile' faoi.

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

| | | |
|---|---|---|
| **i) Tagairtí:** | (ceithre thagairt: 5 mharc x 4 = 20 marc) | **20 marc** |
| **ii) Cumas Cumarsáide** | | **5 mharc** |
| **iii) Cruinneas Gaeilge** | | **5 mharc** |
| | **An t-iomlán do cheist 6 (a)** | **30 marc** |

## Cluiche Rugbaí




| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | 170 + 30 | = | 200 |
|---|---|---|---|

***NÓ***

**(b)** Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil i rith an tsamhraidh i **gClub Gailf na Cille**.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos don phost sa chlub gailf.
**Nóta**: Is tusa Síle de Búrca nó Seán de Búrca.

**An Tasc – An Fhoirm Iarratais a chomhlánú**

Tá **dhá chuid** sa mharcáil anseo

**i) An t-eolas cuí** **= 25 mharc**

**ii) Cruinneas Gaeilge** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do cheist 6 (a)** **= 30 marc**

**Club Gailf na Cille**

**Foirm Iarratais**

| | |
|---|---|
| Ainm: (1 +1) | **2 mharc** |
| Seoladh: (1 +1) | **2 mharc** |
| Aois: | **2 mharc** |
| Dáta Breithe: **2 mharc** | |
| Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? | **2 mharc** |
| An bhfuil an Teastas Sóisearach déanta agat? | **2 mharc** |
| Ainmnigh **dhá** ábhar scoile a thaitníonn leat. | (1+1) = **2 mharc** |
| Cad é an caitheamh aimsire is fearr leat? | **2 mharc** |
| An raibh aon phost agat roimhe seo? | **2 mharc** |
| An féidir leat rothaíocht? | **1 mharc** |
| An imríonn tú aon chluiche? | **1 mharc** |
| An maith leat bualadh le daoine? | **1 mharc** |
| An mbeidh tú sásta a bheith ag obair ag an deireadh seachtaine? | **1 mharc** |
| Cathain a bheidh tú sásta tosú ag obair? | **1 mharc** |
| Cén t-am ba mhaith leat tosú ag obair gach lá? | **1 mharc** |
| An bhfuil cead faighte agat ó do thuismitheoirí a bheith ag obair? | **1 mharc** |
| Síniú: | **1 mharc** |
| Dáta: | **1 mharc** |
| **CRUINNEAS GAEILGE** | **5 mharc** |

**Eolas (7 x 2) + (11 x 1) = 25 mharc**
**Cruinneas Gaeilge = 5 mharc**
**Iomlán = 30 marc**

**MÓRIOMLÁN**

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | **200 + 40** | = | **240** |
|---|---|---|---|